

Alt 47 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 go 2015 Treoirlínte don Chomhairle Mhúinteoireachta agus do Choistí na Comhairle Múinteoireachta

1. Is treirdhoiciméad é seo (“na Treoirlínte”) le cuidiú leis an gComhairle Mhúinteoireachta (“an Chomhairle”) agus le coistí na Comhairle maidir le halt 47 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 go 2015 (“an tAcht”). Ní chuireann na Treoirlínte an Chomhairle, a baill, a coistí nó a baill foirne faoi cheangal de réir dlí agus d’fhéadfaí iad a leasú ó am go ham.
2. Déanann Alt 47 den Acht foráil gur féidir leis an gComhairle, má bhíonn sí sásta gur ar mhaithe le leas an phobail é, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar ordú le clárú an mhúinteora chláraithe a chur ar fionraí ar feadh tréimhse ama sonraithe. Tá cóip den téacs d’alt 47 in Aguisín 1 a ghabhann leis na Treoirlínte seo.
3. Ní dhéanfar ordú d’alt 47 chuig an Ard-Chúirt ach amháin i gcásanna eisceachtúla áit a bhfuil sé riachtanach an pobal a chosaint.

Atreorú chuig an gCoiste Feidhmiúcháin le hAlt 47 den Acht a mheas

4. Rinne an Chomhairle a cumhacht a dháileadh faoi alt 47 de na hAchtanna ar an gCoiste Feidhmiúcháin, de bhun alt 26(i) de na hAchtanna. Shocraigh an Chomhairle freisin nach bhfuil deimhniú ón gComhairle riachtanach maidir le cinntí an Choiste Fheidhmiúcháin.
5. Tá dualgas ar an gComhairle faoi na hAchtanna an pobal a chosaint. Ba chóir don Choiste Feidhmiúcháin aon ábhar a mheas áit a bhfuil cosaint an phobail i mbaol a luaithe agus is féidir.
6. De bhun alt 47 de na hAchtanna, is é feidhm na Comhairle a dáileadh ar an gCoiste Feidhmiúcháin cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar clárú an mhúinteora chláraithe a chur ar fionraí áit a gceapann sé go bhfuil an fionraí ar mhaithe le leas an phobail i.e. gur gá an pobal a chosaint. D’fhéadfadh an Chomhairle a leithéid iarratais a dhéanamh ag am ar bith. Feidhm na hArd-Chúirte agus iarratas faighte aici ón gComhairle is ea cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir aon ordú eastramhach nó idirbheitheach a dhéanamh.

7. Áit a bhfuil ábhar á mheas ag an gCoiste Feidhmiúcháin a cuireadh faoina bhráid le cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir gearán a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdaithe de bhun alt 42(1) den Acht, féadfaidh an Coiste Feidhmiúcháin alt 47 den Acht a mheas freisin agus cibé an bhfuil riachtanas ann an pobal a chosaint.
8. I gcásanna áirithe cuirfear eolas ar fáil don Choiste Feidhmiúcháin, ach ní chuirfear gearán ar fáil faoi Chuid 5 den Acht, agus iarrfar air féachaint cibé ar chóir iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar chlárú múinteora chláraithe a chur ar fionraí. D'fhéadfadh a bheith i gceist leis seo, mar shampla, áit a bhfaigheann an Chomhairle nochtadh grinnfhiosrúcháin ar ábhar imní é mar chuid de phróiseas athnuachana de clárú múinteora chláraithe. Ní gá go mbeadh gearán i gcoinne múinteora chláraithe faoi Chuid 5 den Acht d'fhonn go mbeadh ar an gCoiste Feidhmiúcháin féachaint cibé ar chóir iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt.
9. D'fhéadfadh an Coiste Feidhmiúcháin ag an am céanna agus cinneadh á dhéanamh cibé ar chóir iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt de bhun alt 47, cinneadh a dhéanamh ar chóir gearán a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdaithe de bhun alt 42(1) den Acht, ach amháin má fhaigheann an Chomhairle nochtadh grinnfhiosrúcháin ar ábhar imní é mar chuid de phróiseas athnuachana de chlárú múinteora chláraithe, ar chóir a mheas mar chuid den phróiseas athnuachana cláraithe sin.
10. I gcásanna eisceachtúla, beidh ar an gCoiste Feidhmiúcháin féachaint an bhfuil riachtanas ann láithreach bonn an pobal a chosaint trí iarratas d'alt 47 a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt. Is iad seo a leanas samplaí de na hábhair imní a d'fhéadfadh an Coiste Feidhmiúcháin a mheas i gcomhthéacs alt 47:
 - a. Líomhaintí d'iompar foréigneach nó d'iompar ina bhfuil mí-úsáid ghnéis i gceist.
 - b. Líomhaintí de spéis ghnéasach mhíchúí á léiriú i mac léinn, nó áit a bhfuil fianaise ann le tabhairt le fios gur bhain múinteoir leas as a staid ghairmiúil le caidreamh gnéasach nó míchúí a bhunú le mac léinn nó le bheith sa tóir ar chaidreamh gnéasach nó míchúí le mac léinn.
 - c. Cúisimh nó ciontuithe do chionta coiriúla tromchúiseacha, lena n-áirítear aon chúisimh nó ciontuithe as dúnmharú, as iarracht ar dhúnmharú, as dúnorgain, as ionsaí nó cionta ar cionta gnéasacha iad lena n-áirítear iarracht ar éigniú, ionsaí gnéasach nó mí-úsáid ghnéis.
 - d. Áit ar sháraigh múinteoir cláraithe na coinníollacha a leagadh ar a c(h)lárú nó ar sháraigh sé nó sí gealltanais a tugadh don Chomhairle nó don Choiste Feidhmiúcháin.
 - e. Áit a bhfuil fadhbanna sláinte tromchúiseacha ag múinteoir cláraithe agus tá sé/sí ag múineadh cé go bhfuil sé/sí neamhfheidhmiúil ó thaobh sláinte de
 - f. Áit a bhfuil múinteoir cláraithe ag baint mí-úsáid thromchúiseach as alcól nó drugaí, a chuireann isteach ar a c(h)umas chun múineadh a dhéanamh.

Ní liosta iomlán é seo agus d'fhéadfadh ábhair eile a bheith ann nach bhfuil ar an liosta thuas ar chóir don Choiste Feidhmiúcháin a mheas chun críche alt 47 den Acht.

Dualgais an Choiste

11. Tá dualgas leanúnach ar an gCoiste Imscrúdaithe alt 47 den Acht a mheas. Má aimsíonn an Coiste Imscrúdaithe, agus é i mbun a fhiosraithe, ábhair thromchúiseacha ina bhfuil ábhar imní maidir leis an bpobal a chosaint, ba chóir don Choiste Imscrúdaithe an gearán a chur ar aghaidh láithreach chuig an gCoiste Feidhmiúcháin lena mheas faoi alt 47.
12. Má cuireadh gearán ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta le haghaidh fiosrúcháin, agus más rud é go bhfuil an Coiste Araíonachta agus/nó painéal an Choiste Araíonachta imníoch faoin bpobal a chosaint, ba chóir don Choiste Araíonachta agus/nó an painéal an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig an gCoiste Feidhmiúcháin lena mheas de bhun alt 47. Cuirtear san áireamh anseo nuair a thagann fiosrúchán chun críche agus áit a measann an Coiste Araíonachta agus/nó painéal go bhféadfadh an múinteoir cláraithe an pobal a chur i mbaol agus nár chóir cead a thabhairt dó nó di teagasc a dhéanamh go dtí go dtagann deimhniú ón gCúirt maidir le cinneadh an phainéal i dtaobh smachtbhanna, nó cinneadh na Cúirte maidir le hachomharc nó athbhreithniú breithiúnach.
13. Ba chóir go mbeadh gach coiste eile, na coistí cláraithe a bhunaigh an Chomhairle de bhun alt 24 den Acht ina measc, ar an eolas faoi na Treoirínte agus ba chóir aon ábhar a chur ar aghaidh chuig an gCoiste Feidhmiúcháin lena mheas de bhun alt 47 má bhíonn aon ábhair imní acu maidir leis an bpobal a chosaint.

Cruinniú den Choiste Feidhmiúcháin

14. B'fhéidir go gcaithfí cruinniú den Choiste Feidhmiúcháin a ghairm ar gearrfhógra le gur féidir leis an gCoiste Feidhmiúcháin ábhar a mheas i gcomhthéacs alt 47. Ní mór don Choiste Feidhmiúcháin a chinntiú ag an gcruinniú go bhfuil córam aige. Is é 6 an córam do chruinniú den Choiste Feidhmiúcháin.
15. Ní mór do bhaill den Choiste Feidhmiúcháin a chinntiú nach bhfuil an chosúlacht ann go bhfuil coimhlint leasa ag teacht chun cinn maidir leis an ábhar atá á mheas. Cuirtear san áireamh sna cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le coimhlint leasa caidreamh le haon cheann de na páirtithe a bheadh i gceist ar nós gaol teaghlaigh, caidreamh le comhghleacaí, cairdeas, ball de bhord bainistíochta na scoile, comhghleacaí foirne nó aon chaidreamh nó réamheolas a d'fhéadfaí a mheas go ndéanfaí aireachtáil claontachta a chruthú nó gur chosúil go mbeadh sé chun dochair don toradh.
16. Ba chóir don Choiste Feidhmiúcháin, nuair is féidir, agus ag brath ar chúiseanna an ábhair, foláireamh a thabhairt don mhúinteoir cláraithe faoin gcruinniú le féachaint cibé ar chóir iarratas

a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt. Ba chóir cuireadh a thabhairt don mhúinteoir cláraithe agus/nó dá (h)ionadaithe le freastal air agus deis a chur ar fáil aighneachtaí ó bhéal a dhéanamh agus/nó aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chuig an gCoiste Feidhmiúcháin. Chomh maith leis sin, ba chóir cóip de na doiciméid atá le meas ag an gCoiste Feidhmiúcháin ag an gcruinniú a chur ar fáil don mhúinteoir cláraithe. D'fhéadfadh cásanna a bheith ann, áfach, ina mbeadh an gearán chomh tromchúiseach sin go bhfuil sé riachtanach cead a lorg ón Ard-Chúirt iarratas a47 a dhéanamh ex parte agus gan aon fholáireamh a thabhairt don mhúinteoir cláraithe atá i gceist. Níor chóir an cinneadh maidir le hiarratas le cead a fháil ón Ard-Chúirt a dhéanamh ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus tar éis comhairle dlí a fháil ar dtús maidir leis an riachtanas atá ann lena leithéid a dhéanamh.

17. An chéad chéim atá le meas ag an gCoiste Feidhmiúcháin ag a chruinniú ná cibé an bhfuil sé riachtanach iarraidh ar an Ard-Chúirt clárú an mhúinteora chláraithe a chur ar fionraí leis an bpobal a chosaint. Braitheann sé ar fhíríci gach cáis cibé an bhfuil ordú de bhun alt 47 riachtanach leis an bpobal a chosaint.
18. Féadfaidh an Coiste Feidhmiúcháin líon tosca a chur san áireamh agus é ag féachaint cibé ar chóir iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:
 - a. Na cineálacha líomhaintí atá á ndéanamh i gcoinne an mhúinteora chláraithe agus cé chomh tromchúiseach agus atá siad.
 - b. Tábhacht an eolais, lena n-áirítear aon eolas faoin gcosúlacht atá ann go dtarlódh aon eachtra nó eachtraí eile.
 - c. Cibé ar cúisimh nó ciontuithe iad gur cinn choiriúla iad atá i gcoinne an mhúinteora chláraithe agus cén sórt cúisimh nó ciontuithe coiriúla iad agus cé chomh tromchúiseach agus atá siad.
 - d. Na heasnaimh i múinteoireacht an mhúinteora chláraithe.
 - e. An baol láithreach atá ann don phobal agus an riachtanas atá ann an pobal a chosaint.
 - f. An rud a thuigeann an múinteoir cláraithe. B'fhéidir nach mbeadh tuiscint ag múinteoir nach bhfuil ábalta múineadh ó thaobh na sláinte de maidir lena (h)ábaltacht le múineadh.
 - g. Cibé an bhfuil an chosúlacht ann go ndéanfaí dochar tromchúiseach d'iontaoibh an phobail sa ghairm má leanann an múinteoir cláraithe ar aghaidh ag múineadh. Mar shampla, d'fhéadfadh líomhaintí ina bhfuil iompar gnéasach míchuí i gceist dochar a dhéanamh d'iontaoibh an phobail sa ghairm má leanann an múinteoir cláraithe ar aghaidh ag múineadh.
 - h. An tionchar a bheidh ag ordú le bheith curtha ar fionraí ar an múinteoir cláraithe.
 - i. Aon aighneachtaí a rinne an múinteoir cláraithe atá i gceist nó a rinne a (h)ionadaithe.

19. Ba chóir don Choiste Feidhmiúcháin gníomhú láithreach nuair a chuirtear ar a airdeall faoi mhúinteoir cláraithe a d'fhéadfadh an pobal a chur i mbaol. Má bhíonn moill ann agus ábhair á gcur faoi bhráid an Choiste Fheidhmiúcháin chun críche alt 47, ní chiallaíonn an mhoill nár chóir don Choiste Feidhmiúcháin an t-ábhar a mheas faoi alt 47. Is cuma faoi mhoill ar bith, ba chóir don Choiste Feidhmiúcháin féachaint go fóill cibé an bhfuil gá leis an múinteoir cláraithe a chur ar fionraí leis an bpobal a chosaint ar dháta an chruinnithe den Choiste Feidhmiúcháin. Má mheasann an Coiste Feidhmiúcháin go bhfuil gá leis an múinteoir cláraithe a chur ar fionraí, ba chóir don Choiste Feidhmiúcháin iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt de bhun alt 47 den Acht.
20. Má chinneann an Coiste Feidhmiúcháin iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar ordú le clárú an mhúinteora chláraithe a chur ar fionraí, ba chóir don Choiste Feidhmiúcháin cúiseanna a thabhairt agus a thaifeadadh maidir lena chinneadh.

Gealltanais

21. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh múinteoir cláraithe a bheith i láthair os comhair an Choiste Fheidhmiúcháin agus gealltanais a thabhairt gan a bheith ag múineadh nó a bheith ag múineadh ar bhealach teoranta. D'fhéadfadh an Coiste Feidhmiúcháin glacadh le gealltanais ó mhúinteoir cláraithe má chreidtear gur leor gealltanais den sórt sin le leas an phobail a chosaint.
22. Mar sin féin, má chreideann an Coiste Feidhmiúcháin go bhfuil gá le clárú múinteora chláraithe a chur ar fionraí nó go bhfuil gá le coinníollacha áirithe a bheith ceangailte le clárú múinteora chláraithe leis an bpobal a chosaint, is é an rud is fearr ná go ndéanfaidh an Coiste Feidhmiúcháin iarratas chuig an Ard-Chúirt ar ordú. Tá sé seo ann toisc go bhfuil an fheidhm faoin Acht maidir le cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir clárú múinteora chláraithe a chur ar fionraí leagtha go speisialta ar an Ard-Chúirt. Chomh maith leis sin, tá dualgas ar an Ard-Chúirt de bhun alt 47 den Acht, a chur san áireamh in aon ordú treoir maidir le cibé an leanfar ag tabhairt íocaíochta don mhúinteoir cláraithe de bhun a c(h)onartha fhostaíochta as an airgead atá curtha ar fáil ag an Oireachtas.
23. Má dhéanann an Coiste Feidhmiúcháin iarratas de bhun alt 47, féadfaidh an múinteoir cláraithe gealltanais a thabhairt don Ard-Chúirt a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh glacadh leis na gealltanais.
24. Ina theannta sin, má sháraíonn múinteoir cláraithe gealltanais a tugadh don Choiste Feidhmiúcháin, ní féidir leis an gCoiste Feidhmiúcháin an múinteoir cláraithe a chur ar fionraí. Má chreideann an Coiste Feidhmiúcháin mar thoradh ar ghealltanais a bheith sáraithe, gur gá clárú múinteora chláraithe a chur ar fionraí leis an bpobal a chosaint, bheadh ar an gCoiste

Feidhmiúcháin cruinniú breise a ghairm le cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar ordú de bhun alt 47.

25. Os a choinne sin, má thugann múinteoir cláraithe gealltanais don Chúirt agus má sháraíonn sé nó sí an gealltanais sin ina dhiaidh sin, d'fhéadfaí an múinteoir cláraithe a choinneáil de bharr díspeagadh cúirte agus is ábhar an-tromchúiseach é seo.
26. Má thugtar gealltanais don Choiste Feidhmiúcháin, ba chóir don Choiste Feidhmiúcháin féachaint ar chead a iarraidh ón múinteoir cláraithe, mar choinníoll ó thaobh glacadh leis an ngealltanais, go gcuirfí é in iúl don Aire, d'fhostóir an mhúinteora agus d'aon pháirtithe eile mar a mheasann an Coiste Feidhmiúcháin a bheith iomchuí.
27. Ar an gcaoi chéanna, má thugtar gealltanais don Ard-Chúirt, ba chóir d'ionadaithe na Comhairle Múinteoireachta treoir a iarraidh ón Ard-Chúirt lena chur in iúl don Aire, d'fhostóir an mhúinteora agus d'aon pháirtithe eile den tsórt sin a mheasann an Chomhairle Mhúinteoireachta a bheith iomchuí.

Iarratas chuig an Ard-Chúirt de bhun alt 47

28. Má chinneann an Coiste Feidhmiúcháin iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar ordú de bhun alt 47, beidh gá le tacú leis an iarratas chuig an Ard-Chúirt trí mhionnscribhinn a thabhairt. Ba chóir do mhúinteoir cláraithe ar ball den Choiste Feidhmiúcháin agus den Chomhairle an mhionnscribhinn a dhéanamh faoi mhionn. Ba chóir don duine seo a bheith i láthair ag cruinniú an Choiste Feidhmiúcháin nuair a chinn an Coiste Feidhmiúcháin iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt. Sa mhionnscribhinn ba chóir go mbeadh eolas curtha ar fáil don Ard-Chúirt maidir leis an gcineál gearáin/ na cineálacha gearán, cé chomh tromchúiseach agus atá na gearáin agus an fhéidearthacht go mbeadh an pobal curtha i mbaol.
29. Nuair atá dáta faighte ag an gComhairle don iarratas, ba chóir di foláireamh a thabhairt don mhúinteoir cláraithe maidir le dáta an iarratais. Mar atá leagtha amach i bparagraf 16 thuas, d'fhéadfadh cásanna bheith ann, go mbeadh sé iomchuí iarratas a dhéanamh le cead a lorg ón Ard-Chúirt iarratas a47 a dhéanamh ex parte agus gan foláireamh a thabhairt don mhúinteoir atá i gceist, mar gheall ar an gcineál gearáin. Níor chóir cinneadh a dhéanamh iarratas den sórt sin a dhéanamh ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus más rud é go bhfuarthas comhairle dlí ar dtús maidir leis an riachtanas atá ann a leithéid a dhéanamh.
30. Ar deireadh thiar thall, is é cinneadh na hArd-Chúirte cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir clárú múinteora chláraithe a chur ar fionraí. Tá ról na hArd-Chúirte leagtha amach i gcásdlí. Is é ról

na hArd-Chúirte cearta bunreachtúla an mhúinteora chláráithe a mheas i gcoinne chosaint leas an phobail.

31. In alt 30 den Acht déantar foráil nach n-íocfar múinteoir cláráithe atá fostaithe mar mhúinteoir i scoil a fhaigheann maoiniú ón Stát as airgead atá curtha ar fáil ag an Oireachtas nuair a chuirtear é nó í ar fionraí ón gclár. In alt 47(3A) den Acht déantar foráil áit a ndéanann an Ard-Chúirt ordú leis an múinteoir a chur ar fionraí, agus áit a n-íoctar an múinteoir as airgead poiblí, beidh treoir curtha san áireamh san ordú ag an Ard-Chúirt maidir le cibé ar chóir don mhúinteoir leanúint ar aghaidh agus a bheith íoctha le linn dó nó di a bheith curtha ar fionraí ón gclár. In alt 47(3B) déantar foráil go mbeidh treoir ón Ard-Chúirt go leanfar ag tabhairt íocaíochta don mhúinteoir faoi réir a leithéid téarmaí agus beidh sé ar feadh tréimhse ama shonraithe a mheasann an Ard-Chúirt a bheith iomchuí. Le cuidiú leis an Ard-Chúirt maidir le cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir treoir a thabhairt go leanfaí ag tabhairt íocaíochta, d'fhéadfaí iarraidh ar an gComhairle, chomh fada agus is féidir, a chur in iúl don Ard-Chúirt maidir le hábhair lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- a) Cibé an bhfuil an múinteoir fostaithe mar mhúinteoir;
- b) Más rud é go bhfuil an múinteoir cláráithe fostaithe mar mhúinteoir, an áit ina bhfuil sé nó sí fostaithe;
- c) Más rud é go bhfuil an múinteoir cláráithe fostaithe mar mhúinteoir, cibé ar cuireadh é nó í ar shaoire riaracháin, agus cé chomh fada agus is é is dóichí a bheidh an tréimhse saoire riaracháin.

Cuideoidh an Chomhairle an Ard-Chúirt chomh fada agus is féidir. Má lorgaíonn an Ard-Chúirt tuairim na Comhairle maidir le cibé ar chóir leanúint ar aghaidh ag tabhairt íocaíochta don mhúinteoir, d'fhéadfadh an Chomhairle tuairim a thabhairt gur chóir leanúint ar aghaidh ag tabhairt íocaíochta don mhúinteoir, agus sonraí an cháis measta.

32. Is féidir leis an Ard-Chúirt treoir ar bith a thabhairt don Chomhairle a mheasann an Chúirt a bheith iomchuí. Má dhéanann an Ard-Chúirt cinneadh clárú múinteora chláráithe a chur ar fionraí cuirfidh an Chomhairle, a luaithe agus is féidir, in iúl trí fhógra a thabhairt i scríbhinn don mhúinteoir cláráithe, don Aire agus, áit a bhfuil an múinteoir fostaithe mar mhúinteoir, dá f(h)ostóir, maidir leis an gcinneadh. Tá sé tábhachtach go lorgaíonn an Chomhairle treoir ón Ard-Chúirt maidir le haon chomhlachtaí nó údaráis ar mian léi a chur in iúl dóibh maidir leis an ordú a dhéanamh.

33. Má dhéantar ordú de bhun alt 47 den Acht maidir le múinteoir cláráithe, ní mór don Choiste Imscrúdaithe, an Coiste Araíonachta agus/nó painéal an Choiste Araíonachta a reáchtáilann an fiosrúchán gníomhú go tapa agus iad ag déileáil le geará(i)n a rinneadh i gcoinne múinteora chláráithe i gcomhréir lena bhfeidhmeanna faoi seach faoi Chuid 5 den Acht. Ar an gcaoi

chéanna, más rud é go ndearnadh ordú d'alt 47 mar thoradh ar nochtadh grinnfhiosrúcháin ar ábhar imní é a tháinig chun cinn sa phróiseas athnuachana cláraithe, ba chóir an próiseas athnuachana a bhogadh ar aghaidh go tapa le gur féidir a laghad cur isteach agus is féidir a dhéanamh ar shrianta ar bith a chuireann an Ard-Chúirt i bhfeidhm.

Imeacht ó na Treoirlínte

34. Má bhíonn aon imeacht ó na Treoirlínte seo ní bheidh aon imeachtaí ná céimeanna curtha ar neamhní ach amháin má thugann an Chomhairle nó an Coiste Feidhmiúcháin treoir a leithéid a dhéanamh. D'fhéadfaí a leithéid imeachtaí nó céimeanna a chur i leataobh go hiomlán nó go páirteach mar chinn atá mírialta, nó atá leasaithe nó ar déileáladh leo ar bhealach eile mar sin nó ar a leithéid téarmaí a cheapfaidh an Chomhairle nó an Coiste Feidhmiúcháin a bheith iomchuí.

21 Eanáir 2019

Aguisín 1

Iarratas ón gComhairle chuig an Ard-Chúirt ar ordú le clárú a chur ar fionraí.

47.—(1) I gcás go bhfuil an Chomhairle sásta gurb é leas an phobail é, féadfaidh an Chomhairle, i ndáil le múinteoir cláraithe, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar ordú go ndéanfar a chlárú nó a clárú a chur ar fionraí le linn na tréimhse a shonrófar san ordú.

- (2) Féadfar iarratas faoin alt seo a dhéanamh ar mhodh achomair agus éistfear leis ar shlí seachas go poiblí.
- (3) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a bheith déanta chuici faoin alt seo, cibé ordú eatramhach nó idirbhreitheach (más ann) a dhéanamh a mheasann sí a bheith iomchuí.

(3A) I gcás—

- (a) go ndéanann an Ard-Chúirt ordú eatramhach agus idirbhreitheach faoi fho-alt (3) go ndéantar clárú múinteora a chur ar fionraí,
- (b) go bhfuil an múinteoir fostaithe mar mhúinteoir i scoil aitheanta ar an dáta a dhéantar an t-ordú, agus
- (c) go dtugtar íocaíocht don mhúinteoir i ndáil lena f(h)ostaíocht as an airgead atá curtha ar fáil ag an Oireachtas,

cuirfidh an Ard-Chúirt san áireamh san ordú treoir maidir le cibé an leanfar ag tabhairt íocaíochta don mhúinteoir sin de bhun a c(h)onartha fostaíochta as an airgead atá curtha ar fáil ag an Oireachtas.

- (3B) Beidh treoir ón Ard-Chúirt faoi fho-alt (3A) go leanfar ag tabhairt íocaíochta do mhúinteoir faoi réir a leithéid téarmaí agus beidh sé ar feadh a leithéid tréimhse ama (nach n-imíonn thar an tréimhse ama atá sonraithe san ordú dá bhfuil an clárú curtha ar fionraí) mar a mheasann an Ard-Chúirt a bheith iomchuí.⁴⁷
- (4) Tar éis cinneadh a bheith déanta faoin alt seo ag an Ard-Chúirt, cuirfidh an Chomhairle, a luaithe agus is féidir, in iúl trí fhógra a thabhairt i scríbhinn don mhúinteoir, don Aire agus, áit a bhfuil an múinteoir fostaithe mar mhúinteoir, dá f(h)ostóir, maidir leis an gcinneadh.

⁴⁷ Curtha isteach le hAcht na Comhairle Múinteoireachta (Leasú) 2015 alt 20